Leabharlanna
Libraries

Comhairle Chontae Uíbh Fhailí
Offaly County Council

# Cód Iompair do Chustaiméirí

**Tá Comhairle Contae Uíbh Fhailí tiomanta don tseirbhís is fearr is féidir a chur ar fáil duit ar bhealach éifeachtach measúil.**

**Chun gur féidir linn an sprioc sin a bhaint amach, táimid ag súil leis an iompar cuí uaitse, an custaiméir:**

- Bí cinnte go gcaitheann tú leis an bhfoireann ar bhealach cúirtéiseach, sibhialta agus cothrom gach uair a bhíonn tú i dteagmháil linn, cibé acu go pearsanta, ar an bhfón, i scríbhinn nó ar líne.

**Ní ghlacfaimid le:**

- Teanga gháirsiúil, bhagrach nó mhíchuí i leith na foirne agus/nó i leith an phobail
- Foréigean nó bagairt foréigin i leith na foirne agus/nó i leith an phobail

**Ní ghlacfar leis an iompar seo a leanas in aon cheann dár n-áiseanna:**

- Iompar a chuireann isteach ar dhaoine agus iad ag baint úsáid agus taitneamh as an áis
- Damáiste mailíseach do mhaoin Chomhairle Contae Uíbh Fhailí agus/nó goid maoine
- Úsáid alcóil agus drugaí aindleathacha
- Caitheamh tobac nó galtoitíní, seachas i limistéir shainithe
- Caitheamh bruscair
- Grianghrafadóireacht, scannánaíocht, beoshruthú, nó taifeadadh gan chead
- Maoin phearsanta a fhágáil gan aon duine a bheith ina bun a fhad is atá úsáid á baint as áiseanna Chomhairle Contae Uíbh Fhailí

Ba chóir maoirseacht a dhéanamh ar leanaí i gcónaí agus iad ag baint úsáid as ár n-áiseanna

Aon duine atá faoi bhun 18 nach gcloíonn leis an Cód Iompair, ní bheidh cead aige/aici freastal ar an leabharlann mura bhfuil tuismitheoir nó caomhnóir in éineacht leis/léi.